



An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2027

Téama 2: Athchóiriú Bithéagsúlachta agus Dúlra

Seimineár Gréasáin Eolais d'Iarratasóirí
an 28 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

[Cláraigh anseo](#)



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Eolas faoin Téama Seo

Tacaíonn Athchóiriú Bithéagsúlachta agus Dúlra le tionscadail a chuidíonn le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint, a athchóiriú, a fheabhsú nó a thuiscint níos fearr.

Is féidir le tionscadail díriú ar ghnáthóga, speicis, éiceachórais nó tírdhreacha agus ba cheart go mbeidís bunaithe ar riachtanas nó deis aitheanta maidir leis an mbithéagsúlacht.

Glacann na tionscadail is láidre gníomh praiticiúil, feabhsaíonn siad an t-eolas agus cuireann siad le cosaint agus teacht aniar na bithéagsúlachta san fhadtéarma.

An é seo an Téama Ceart do do Thionscadal?

D'fhéadfadh an téama seo a bheith oiriúnach má dhéanfaidh do thionscadal an méid a leanas:

- Gnáthóga agus éiceachórais a chosaint nó a athchóiriú.
- Dálaí do speicis dhúchasacha a fheabhsú.
- Dul i ngleic le bagairtí nó brúnna aitheanta ar an mbithéagsúlacht.
- Tacú le pailneoirí nó le speicis tosaíochta eile.
- Bainistiú suíomhanna oidhreachta nádúrtha a fheabhsú.
- Eolas a bhailiú trí shuirbhéanna, taifeadadh nó trí mhonatóireacht.
- Gníomhú áitiúil ar son an dúlra agus teacht aniar aeráide a neartú

Ní gá do thionscadail a bheith mór. Is féidir le tionscadail bheaga phraiticiúla cur go mór le caomhnú na bithéagsúlachta.

Cad is Tionscadal Láidir Athchóirithe Bithéagsúlachta agus Dúlra Ann?

Is gnách go bhfreagraítear i dtionscadail rathúla sé cheist shimplí:

Cad é Riachtanas nó Deis Bithéagsúlachta?

Cén ghnáthóg, speiceas nó éiceachóras atá bainteach agus cén ceistanna a lorgaíonn tú dul i ngleic leo?

Cén Fáth a bhfuil sé Tábhachtach?

Mínigh an fáth go bhfuil an bithéagsúlacht tábhachtach go háitiúil, go réigiúnach nó go náisiúnta.

Cén Fáth a dTeastaíonn Gníomh Anois?

Déan cur síos ar na bagairtí, brúnna nó deiseanna atá ann faoi láthair agus an fáth go dteastaíonn gníomh anois.

Cén Difríocht a Dhéanfaidh an Tionscadal?

Mínigh na torthaí praiticiúla atá tú ag súil a bhaint amach.

Conas a Bheidh Daoine Páirteach?

Taispeáin conas a ghlacfaidh pobail, oibrithe deonacha, úinéirí talún nó grúpaí áitiúla páirt.

Cad a Tharlóidh ina Dhiaidh Seo?

Inis dúinn conas a thacóidh an tionscadal le bithéagsúlacht tar éis thréimhse an deontais?

Samplaí de Thionscadail ar Féidir Linn Tacú Leo

Seo a leanas tionscadail shamplacha ar féidir linn tacú leo faoin téama seo:

- Tionscadail athchóirithe agus feabhsúcháin gnáthóige.
- Tionscnaimh a thacaíonn le pailneoirí agus an fiadhúlra.
- Suirbhéanna, taifeadadh agus monatóireacht ar speicis.
- Tionscadail eolaíochta saoránach.
- Bainistíocht speiceas ionrach.
- Pleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht agus straitéisí caomhnaithe bithéagsúlachta.
- Léarscáiliú agus taifeadadh bithéagsúlachta pobail.
- Tionscadail chaomhnaithe bogaigh, coillearnaí, talún féaraigh nó talún portaigh.
- Tionscadail oiriúnaithe don aeráid a thacaíonn le hathshlánú dúlra.

Ba cheart díriú i gcónaí ar thairbhí soiléire bithéagsúlachta a sholáthar

Cabhrú Leat na Ceisteanna maidir leis an Léiriú Spéise a Fhreagairt

Bain úsáid as na samplaí sa treo seo mar phointe tosaigh, ach inis dúinn faoi d'áit, gnáthóg, speiceas nó tionscadal bithéagsúlachta féin. Mínítear sna hiarratais is láidre an cás áitiúil, na dúshlán nó deiseanna a aithníodh, agus an fáth a bhfuil tábhacht leis an tionscadal don dúlra agus don phobal.

Riachtanas nó Deis Bithéagsúlachta

Seo ceann de na codanna is tábhachtaí de d'iarratas.

Cabhraigh linn an méid a leanas a thuiscint:

- Cén cheist nó deis bithéagsúlachta a aithníodh?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach?
- Cén fhianaise a thacaíonn leis an ngá atá leis an tionscadal?
- Cén feabhsúcháin atá tú ag súil a bhaint amach?

Bí chomh sonrach agus is féidir agus úsáid eolas áitiúil, nuair atá sé ar fáil.

Fianaise ar Riachtanas

Is féidir le grianghraif a bheith an-áisiúil chun an riachtanas nó deis bithéagsúlachta a thaispeáint a rachaidh do thionscadal i ngleic leis.

Cuideoidh íomhánna soiléire ina dtaispeántar an limistéar atá i gceist le measúnóirí riachtanas an tionscadail a thuiscint.

Dea-chleachtas Bithéagsúlachta

Ba cheart go mbeadh tionscadail bunaithe ar phrionsabail fhóna éiceolaíocha agus, nuair is cuí, go mbeadh sainchomhairle mar bhonn eolais dóibh.

Ag brath ar an tionscadal, féadtar a áireamh leis seo:

- Éiceolaithe
- Luibheolaithe
- Zó-eolaithe
- Speisialtóirí caomhantais
- Saineolaithe speiceas ionrach
- Cleachtóirí athchóirithe gnáthóige

Is féidir leis an scéim deontais tacú le costais a bhaineann le saineolas gairmiúil oidhreachta, nuair is cuí.

Tá eolas pobail tábhachtach, ach is minic is éifeachtaí é nuair a chuirtear comhairle ghairmiúil agus dea-chleachtas aitheanta leis.

Sonraí a Thaifeadadh agus a Roinnt

Ba cheart go míneodh tionscadail lena mbaineann taifeadadh speiceas nó gnáthóg:

- An t-eolas a bhaileofar
- Conas a dhéanfar é a thaifeadadh
- Cé a dhéanfaidh an obair
- An ndéanfar na taifid a roinnt leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó le hardáin aitheanta eile.

Cuidíonn roinnt sonraí le heolas áitiúil agus náisiúnta faoin mbithéagsúlacht a neartú.

Treoir maidir le Cur agus Síolú

I gcás ina mbaineann tionscadal le cur nó le síolú, ní thacóidh an Chomhairle Oidhreachta ach le tionscadail a úsáideann:

- Speicis dhúchasacha
- Bunfhoinsé áitiúil, nuair atá siad ar fáil
- Speicis a oireann don ghnáthóg
- Aimsiú atá oiriúnach don éiceolaíocht

Is minic go ndéantar cur síos air sin mar: **Speicis Chearta. San Áit Cheart. Ón bhFoinse Cheart.**

Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Tá dlúthnasc idir gníomhú ar son na bithéagsúlachta agus na haeráide.

Nuair atá an cheist seo á freagairt, smaoinigh faoi:

- an bhfuil an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar an ngnáthóg, ar na speicis nó ar an éiceachóras lena mbaineann;
- conas a fheabhsóidh do thionscadal an athléimneacht; agus
- conas a chuirfear tionchair chomhshaoil san áireamh agus an tionscadal á chur i gcrích.

Ní gá duit a bheith i do shaineolaí aeráide. Is minic gur leor míniú simplí ar an gcaoi a gcuireann do thionscadal le hathshlánú an dúlra, le caomhnú na bithéagsúlachta nó le teacht aniar éiceolaíoch.

Is féidir leat teacht ar níos mó teoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim, Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Rannpháirtíocht an Phobail

Cuid thábhachtach de thionscadail bithéagsúlachta í rannpháirtíocht an phobail. Is féidir le daoine cion luachmhar a dhéanamh trí thaifeadadh, monatóireacht, gníomhartha caomhnaithe agus eolas a roinnt.

Is féidir a áireamh le rannpháirtíocht an phobail:

- Suirbhéanna speiceas, taifeadadh bithéagsúlachta nó gníomhaíochtaí eolaíochta saoránach.
- Monatóireacht ar ghnáthóga agus bailiú sonraí éiceolaíocha.
- Plandáil phobail, feabhsú gnáthóg nó gníomhaíochtaí caomhnaithe.
- Taighde agus doiciméadú ar an mbithéagsúlacht áitiúil.
- Páirt a ghlacadh i gceardlanna, in imeachtaí oiliúna nó i dtaispeántais allamuigh.
- Siúlóidí treoraithe, cainteanna, taispeántais nó feachtais feasachta a eagrú.
- Tacú le maoirseacht agus monatóireacht fhadtéarmach ar ghnáthóga agus speicis.

Ba cheart go mbeadh **rannpháirtíocht an phobail** bríoch agus oiriúnach don tionscadal. Ba cheart go gcabhródh sé le daoine foghlaim faoin mbithéagsúlacht, cur léi agus aire a thabhairt di.

Tá **tairbhe phoiblí** agus **ceadanna** tábhachtach do gach iarratas. Is féidir leat teacht ar níos mó teoracha ar na hábhair seo sa [Treoir maidir leis an bPríomhscéim](#) agus ar [an bhfoirm Léirithe Spéise](#).

Aschur, Torthaí agus Leagáid

Smaoinigh ar an méid a leanas:

Aschur

Na gníomhaíochtaí agus na táirgí a chuirfidh do thionscadal ar fáil. Samplaí:

- Taifid ar speicis
- Suirbhéanna ar ghnáthóga
- Pleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht
- Oibreacha athchóirithe gnáthóige
- Gníomhaíochtaí eolaíochta saoránach
- Bunachair shonraí nó léarscáiliú bithéagsúlachta.

Torthaí

An difríocht a dhéanfaidh do thionscadal. Samplaí:

- Caighdeán gnáthóige níos fearr.
- Eolas níos fearr ar an mbithéagsúlacht áitiúil.
- Feasacht mhéadaithe ar bhithéagsúlacht.
- Rannpháirtíocht níos fearr sa phobal.
- Dálaí níos fearr do speicis agus éiceachórais.

Leagáid

Na tairbhí marthanacha a bhainfear i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích. Samplaí:

- Bainistiú níos feasaí ar ghnáthóga.
- Monatóireacht leanúnach ar bhitheagsúlacht.
- Maoirseacht pobail níos láidre.
- Sonraí agus eolas éiceolaíochta níos fearr.
- Gníomhartha fadtéarmacha caomhnaithe aitheanta.

An Leid is Fearr ☆

Déan idirdhealú soiléir idir an méid a chuirfidh do thionscadal ar fáil (**aschur**), an difríocht a dhéanfaidh sé (**torthaí**), agus na tairbhí a leanfar lena mbaint i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích (**leagáid**).

Rudaí Nach dTacóimid Leo

I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- ✗ Tionscadail nach mbaineann aon tairbhe shoiléir bhitheagsúlachta leo.
- ✗ Meascáin chineálacha “bláthanna fiáine”.
- ✗ Speicis neamhdhúchasacha.
- ✗ Plandaí a chuirtear ar mhaithe le conláiste a roghnaítear go príomha de bharr na cuma atá orthu.
- ✗ Plandaí a chur nach n-oireann don ghnáthóg.
- ✗ Gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar ghnáthóga, speicis nó éiceachórais.
- ✗ Gnáthchothabháil nach mbaineann le torthaí bhitheagsúlachta.
- ✗ Tionscadail ghinearálta chomhshaoil nach bhfuil díriú soiléir ar bhitheagsúlacht acu.
- ✗ Tionscadail nach léirítear iontu riachtanas ná deis aitheanta.
- ✗ Gníomhaíochtaí nach dtacaíonn saineolas oiriúnach leo nuair a theastaíonn ionchur speisialta.

Seicliosta Gearr ✓

Sula seolfaidh tú do Léiriú Spéise, ar mhínigh tú:

- Cén riachtanas nó deis bithéagsúlachta a dtéann do thionscadal i ngleic leis?
- An fáth go bhfuil sé tábhachtach?
- An fáth a dteastaíonn gníomh anois?
- Conas a cuireadh an aeráid agus teacht aniar san áireamh?
- Conas a ghlacfaidh daoine páirt?
- Conas a bhainfidh an pobal níos leithne tairbhe as?
- Cad a sholáthróidh do thionscadal?
- Cén difríocht a dhéanfaidh do thionscadal?
- Cén saineolas a thacóidh leis an tionscadal?
- Conas a thacóidh an tionscadal le bithéagsúlacht amach anseo?

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council